An Roinn Oideachais
Department of Education

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

## Treoir do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2021/22 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas

Lúnasa 2021

Leagan 1.1

# Forbhreathnú ar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

Is dámhachtain aonair í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach atá bunaithe ar chlár aontaithe, seachas sraith grád a bhaintear amach in ábhair ar leith. Ceapadh ATF mar chlár dhá bhliain atá roinnte ina cheithre sheisiún. Le linn na gceithre sheisiún sin carnann scoláirí creidmheasanna ar thrí bhealach éagsúla:

- Ceithre mhodúl is daichead a chur i gcrích go sásúil
- Seacht dtasc do scoláirí a chur i gcrích go sásúil
- Scrúduithe deiridh.

Leagtar amach sa nóta treorach seo na socruithe curaclaim agus measúnaithe do scoláirí ATF Bhliain 1 agus Bhliain 2 don bhliain acadúil 2021/22. Cuirtear san áireamh sna socruithe athbhreithnithe na leibhéil éagsúla rannpháirtíochta scoláirí san fhoghlaim i rith tréimhse na cianfhoghlama sa scoilbhlian 2020/21 agus aitheantas á thabhairt do shamhail mhodúlach an chláir ATF. Ba chóir an treoir seo a léamh in éineacht le Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2022 ar fáil anseo .

# 1. Treoir don ATF Bliain 2 don Bhliain Acadúil 2021/22

Le linn bhliain acadúil 2020/21, bhí cur isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim scoláirí le linn an chéad bhliain den chlár mar gheall ar shrianta COVID-19 agus an tréimhse cianfhoghlama ina raibh na scoileanna dúnta. Mar thoradh air sin, bhí éagsúlacht i gceist i leibhéil rannpháirtíochta scoláirí maidir leis na torthaí foghlama i roinnt tuairiscíní modúil de chuid an ATF. Ní mór tionchar dhúnadh na scoile agus na srianta féideartha a eascróidh as riachtanais sláinte poiblí le linn na scoilbhliana a bhí agus atá le teacht a mheas i gcomhthéacs na pleanála don teagasc agus don fhoghlaim in 2021/22.

Mar chuid de Shamhail na nGrád Creidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021, bhi sé de rogha ag Scoláirí Bhliain 2 den ATF na scrúduithe a dhéanamh agus/nó glacadh le Gráid Chreidiúnaithe i dtaca leis na comhpháirteanna measúnaithe ín ábhair agus i dtascanna ábhartha a bhí le comhlánú in 2020/21. Mar is gnách, bronnfar creidmheasanna ar chur i gcrích rathúil na modúl trí thairseach an ATF.

Tá an chuid seo leagtha amach faoi na ceithre cheannteideal a leanas a bhaineann le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí:

1.1 Comhlánú sásúil na modúl
1.2 Tascanna an scoláire
1.3 Scrúduithe deiridh
1.4 Athruithe ar leithdháileadh creidmheasa do Bhliain 2 den ATF

Leagtar amach freisin na hathruithe atá beartaithe agus an réasúnaíocht a bhaineann leis na leasuithe sainaitheanta sin.

## 1.1 Modúil a chur i gcrích go sásúil

Thar thréimhse dhá bhliain an chláir, ba chóir do scoláirí ceithre mhodúl is daichead a chur i gcrích. D'fhonn creidmheasanna a bhaint amach sna modúil, déanann scoláirí gach

modúl a chomhlánú trí fhreastal ar na ranganna agus ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil a bhaineann leis an modúl; teastaíonn tinreamh 90%, ar a laghad, agus cur i gcrích na nEochairchleachtaí a bhaineann le gach modúl.

Chun uathriail agus solúbthacht fheabhsaithe a sholáthar do scoileanna maidir le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim is oiriúnaí dá gcomhthéacs, rinneadh athbhreithniú ar chur i gcrích na modúl go sásúil i gcás scoláirí Bhliain 2 ATF agus leagtar amach na sonraí thíos.

**Socruithe chun modúil Bhliain 2 ATF a chur i gcrích go sásúil don bhliain acadúil 2021/22**

- Ba chóir gach toradh foghlama do gach modúl a chur i gcrích, laistigh de theorainneacha na comhairle sláinte agus sábháilteachta reatha
- Ba chóir do scoláirí íosmhéid **dhá** Eochairchleachtadh a chur i gcrích chun na creidmheasanna atá ar fáil do gach modúl a bhaint amach **agus** tinreamh 90% ar a laghad a choinneáil
- Mura féidir le scoláirí freastal ar an scoil mar gheall ar shrian bailí a bhaineann le COVID-19, ba chóir go mbeadh an scoil solúbtha ina cur chuige maidir le monatóireacht agus taifeadadh tinrimh
- Sa chás go mbeidh dianghlasáil ann go háitiúil nuair a dhéantar dul chun cinn ar an bhfoghlaim go cianda, ba cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil córas oiriúnach i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na scoláirí a rianú.

Ina lán cásanna, éilíonn cur i gcrích rathúil na nEochairchleachtaí ar scoláirí oibriú i ngrúpaí nó dul i mbun gníomhaíochtaí i bpobal na scoile i gcoitinne nó ina bpobail áitiúla. I gcomhthéacs na riachtanais sláinte poiblí, b'fhéidir go mbeadh gá le hoiriúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear Eochairchleachtaí i gcrích. Is féidir freastal air sin trí mhúinteoirí aonair ag pleanáil d'Eochairchleachtaí ar bhealach a chuireann an timpeallacht foghlama agus srianta féideartha COVID-19 san áireamh. Mar shampla, b'fhéidir go mbeifear in ann turas fíorúil a eagrú ar leabharlann nó bialann áitiúil seachas scoláirí a thabhairt ar cuairt lasmuigh den scoil ar na hionaid sin. Is féidir fianaise ar fhoghlaim na scoláirí in Eochairchleachtaí a stóráil mar chóip chrua nó go leictreonach trí chórais bhainistíochta foghlama na scoile a úsáid.

Táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí an taithí oibre i dtimpeallacht oibre. Má bhíonn moill ar rochtain ar thaithí oibre, nó má bhíonn deacrachtaí ag scoláire taithí oibre a aimsiú mar gheall ar COVID-19, b'fhéidir go mbeidh gá ar an tslí ina ndéantar an príomhthasc a chur i gcrích a oiriúnú do na modúil éigeantacha.

## 1.2 Tascanna an Scoláire

Déanann scoláirí seacht dtasc san iomlán a chur i gcrích thar dhá bhliain chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Mar gheall ar COVID-19, rinneadh socrú speisialta trína raibh ar scoileanna marc céatadáin measta a sholáthar do scoláirí Bhliain 1 i dtaca le tasc a bhain le hOideachas Ginearálta, Gairmullmhúchán, Gairmoideachas agus Ráiteas um Athhmachnamh Pearsanta – Páirt 1 (Seisiún 2). Ba é an tortha nios fearr ón scrúdu nó an Gráid Chreidiúnaithe a gheobhfaidh scoláirí Bliain 1. Í gcasanna scoláirí i mBliain 1 a fháill grád

creidiúnaithe do na tascanna sin, aistrofaidh an grád creidiúnaithe ina choibhéis creidmheasa.

Le linn bhliain acadúil 2021/22, más gnáththosca atá i réim, beidh ceithre thasc eile á gcur i gcrích ag scoláirí i mBliain 2 den ATF mar seo a leanas: i seisiún 3, tasc amháin i ngach ceann de na réimsí seo a leanas: Gairmoideachas; Oideachas Ginearálta (Bliain 2 - Tasc ar Shaincheisteanna Comhaimseartha), Tasc ar Ghnóthachtáil Phraiticiúil; agus i seisiún 4, Tasc ar Athmhachnamh Pearsanta (Cuid a Dó).

D'fhonn solúbthacht fheabhsaithe a sholáthar do scoileanna maidir le pleanáil chun Tascanna an Scoláire do Bhliain 2 den ATF a chur i gcrích, tá na socruithe don bhliain acadúil 2021/22 leagtha amach thíos.

**Socruithe maidir le Tascanna an Scoláire do Bhliain 2 den ATF don bhliain acadúil 2021/22**

- Laghdú ar líon na dtascanna atá le cur i gcrích i seisiún 3 ó **thrí cinn** go **dhá cheann** agus éileamh ar scoláirí an Tasc Gairmoideachais **nó** an Tasc ar Shaincheisteanna Comhaimseartha **agus** an Tasc ar Ghnóthachtáil Phraiticiúil a chur i gcrích; beidh Tairseach ATF in ann déileáil leis an athrú seo
- Cur i gcrích Athmhachnamh Pearsanta (Cuid a Dó) i seisiún 4, mar is gnách.

Trí dheis a thabhairt do scoileanna tasc a roghnú atá bunaithe ar an nGairmoideachas **nó** ar an TSC, tugtar seans do mhúinteoirí agus do scoláirí tasc a roghnú a oireann dá gcomhthéacs scoile agus don scoláire aonair.

Den chuid is mó, déantar an Tasc ar Ghnóthachtáil Phraiticiúil lasmuigh den scoil agus is lú an tionchar a bheidh ag neamhláithreacht éigeantach scoláirí agus/nó ag dúnadh féideartha scoileanna bainteach le ráigeanna féideartha COVID-19 go háitiúil.

Ba cheart comhairle sláinte poiblí cothrom le dáta a mheas agus pleanáil á déanamh do Thascanna an Scoláire. Ba cheart go gcinnteofaí trí bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha maidir le pleanáil tascanna go bhfaigheann scoláirí an rannpháirtíocht agus an fhoghlaim is mó sa tasc a roghnaíonn siad.

Beidh socruithe chun scrúdú a dhéanamh ar na tascanna, lena n-áirítear agallaimh, bunaithe ar an gcomhairle sláinte agus sábháilteachta is nuashonraithe ag an am.

## 1.3 Scrúduithe Deiridh

Déantar scrúduithe deiridh i seacht réimse ábhair mar a leanas:

| Ábhar | Comhpháirteanna | Creidmheasanna leithdháilte ar scrúdú deiridh |
|---|---|---|
| Béarla agus Cumarsáid | Béaltriail agus scrúdú scríofa | 12 chreidmheas |
| Oideachas Sóisialta | Scrúdú scríofa | 10 gcreidmheas |
| Feidhmeanna Matamaiticiúla | Scrúdú scríofa | 10 gcreidmheas |

| | | |
|---|---|---|
| An Ghaeilge Chumarsáideach agus Nua-Theanga amháin | Béaltriail agus scrúdú scríofa | 6 chreidmheas in aghaidh na teanga |
| Dhá speisialachas gairme | Cur i láthair praiticiúil nó obair chúrsa phraiticiúil agus scrúdú scríofa | 12 chreidmheas in aghaidh an speisialachais |

Mar gheall ar COVID-19, rinneadh socrú speisialta do scoláirí ATF i mBliain 1 (2020/21) a bhí leis na scrúduithe deiridh sa *Ghaeilge Chumarsáideach* nó i Nua-Theangacha a dhéanamh ag deireadh sheisiún 2 in 2020/21. Bhí sé de rogha ag gach scoláire an scrúdú a dhéanamh, grád creidiúnaithe a fháil nó glacadh leis an dá cheann, i dtaca leis an scrúdú teanga ábhartha. Aistreofar gach grád creidiúnaithe ina choibhéis creidmheasa.

Mar gheall ar dhúnadh na scoileanna, beidh scoileanna tar éis a bheith rannpháirteach i modúil Bhliain 1 go pointí éagsúla. B'fhéidir nach mbeidh an deis ag scoláirí a bheith rannpháirteach go hiomlán arís san fhoghlaim sin i seisiúin 3 agus 4. D'fhonn aitheantas a thabhairt do na saincheisteanna sin, cuirfear na socruithe atá leagtha amach thíos i bhfeidhm.

**Socruithe do na Scrúduithe Deiridh do Bhliain 2 ATF don bhliain acadúil 2021/22**

- **Scrúduithe Scríofa**: Ní bheidh aon choigeartú ar na páipéir scrúduithe dheiridh, ach cuirfear scálú de réir fachtóra 1.15 i bhfeidhm ar an marc a bhronnfar. Cuirfear an scálú i bhfeidhm suas go dtí an marc foriomlán don scrúdú, agus déanfar an marc a theorannú dó sin. Mar shampla, má bhronntar 280 marc as 300 marc ar scoláire, bheadh 322 marc mar thoradh ar an scálú, ach toisc go bhfuil an marc sin níos airde ná 300 marc, ní bhronnfar ach an uasmharc atá ar fáil ar an scrúdú, sé sin 300 marc.
- **Mionfhaisnéis a bhaineann leis an obair chúrsa phraiticiúil**: I gcás mionfhaisnéisí nach bhfoilsítear de ghnáth ag tús na scoilbhliana, déanfar iad a eisiúint níos luaithe ná mar is gnách.
- **Tástálacha feidhmíochta praiticiúla**: Déanfar iad a reachtáil mar is gnách agus faoi choinníollacha scrúdaithe, i gcomhréir leis an gcomhairle sláinte poiblí.
- **Béaltrialacha:** Reachtálfar na béaltrialacha i mBéarla agus Cumarsáid do scoláirí **Bhliain 2** mar is gnách. Mar sin féin, tabharfar aitheantas agus an Bhéaltriail á meas agus á marcáil don chur isteach agus don chaillteanas foghlama agus teagaisc a d'fhulaing scoláirí de bharr na srianta agus dhúnadh na scoileanna.
- Tá eolas breise ar fáil sna Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais.

De réir mar a bheidh scoláirí Bhliain 2 ATF ag druidim lena gcuid scrúduithe deiridh, ní mór an tionchar a bhí ag an tréimhse dúnta scoile ar a gcuid foghlama a mheas agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim.

Éilítear le roinnt tuairiscíní modúil go bhforbrófar tacar sainscileanna agus b'fhéidir nach bhféadfaí iad sin a fhorbairt go hiomlán nó a choinneáil i dtimpeallacht chianfhoghlama.

Ba chóir do mhúinteoirí a bheith aireach ar na heasnaimh sin agus pleanáil dá réir agus scoláirí ag dul i ngleic arís lena gcuid foghlama,.

Beidh socruithe le haghaidh agallamh agus tástálacha feidhmíochta praiticiúla a bhaineann leis na scrúduithe deiridh bunaithe ar an gcomhairle sláinte agus sábháilteachta poiblí is nuashonraithe.

### 1.4 Leithdháileadh creidmheasa do Bhliain 2 den ATF (2021/2022)

Bronntar teastas ar scoláirí a chomhlíonann clár na hArdteistiméireachta Feidhmí go rathúil ag ceann amháin de thrí leibhéal bunaithe ar líon na gcreidmheasanna atá carntha acu mar atá leagtha amach thíos.

| | | |
|---|---|---|
| Pas 114-132 creidmheas<br><br>(60% -69%) | Gradam 143-161 creidmheas<br><br>(70% -84%) | Ardghradam 162-190 creidmheas<br><br>(85% -100%) |
| Gheobhaidh scoláirí a ghnóthaíonn níos lú ná 114 creidmheas nó a fhágann an clár go luath taifead taithí. | | |

## 2. Treoir do Bhliain 1 den AFT don Bhliain Acadúil 2021/22

Tá an chuid seo leagtha amach faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas a bhaineann leis an gclár:

2.1 Clár aistrithe agus ionduchtaithe
2.2 Curaclam
2.3 Comhlánú sásúil na modúl
2.4 Tascanna an Scoláire

### 2.1 Clár aistrithe agus ionduchtaithe

Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí, seans nach raibh deis ag scoláirí ná ag a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a bheith rannpháirteach go hiomlán san aistriú isteach chuig clár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Dá bhrí sin, tá an clár ionduchtaithe a sholáthraíonn an scoil go rialta do scoláirí Bhliain 1 den ATF sainábhartha. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar ábhar an chláir ionduchtaithe a leasú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le tacú le haistriú scoláirí chuig ATF. Tá tuilleadh sonraí maidir le clár ionduchtaithe a phleanáil ar fáil ag: www.pdst.ie

## 2.2 Curaclam

Tabharfar isteach ceithre thuairisceoirí don mhodúl AFT i mí Mheán Fómhair 2021. Is iad sin: *Béarla agus Cumarsáid, Feidhmeanna Matamaiticiúla, Tús Eolais ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide – Speisialachas.* Is féidir teacht ar na tuairiscíní modúl sin ag https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/LCA/?lang=ga-ie .Cuirfidh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM/*PDST*) forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil chun tacú le tabhairt isteach na modúl sin.

## 2.3 Modúil a chur i gcrích go sásúil

Chun creidmheasanna a bhaint amach as modúil a chur i gcrích go sásúil, ba chóir do scoláirí Bhliain 1 den ATF na ceithre Eochairchleachtaí a chomhlánú agus ba cheart tinreamh 90% ar a laghad a choinneáil. Mura féidir le scoláire freastal ar an scoil mar gheall ar shrian bailí a bhaineann le COVID-19, ba chóir go mbeadh an scoil solúbtha ina cur chuige maidir le monatóireacht agus taifeadadh tinrimh. Sa chás go mbeidh an fhoghlaim á cur chun cinn go cianda de bharr dianghlasáil áitiúil, ba cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil córas oiriúnach i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na scoláirí a rianú.

Sa lá atá inniu ann, seans go mbeidh sé riachtanach oiriúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear eochairchleachtadh i gcrích. Is féidir freastal air sin trí mhúinteoirí aonair ag pleanáil d'eochairchleachtaí ar bhealach a chuireann an timpeallacht foghlama agus srianta COVID-19 san áireamh. Mar shampla, seans go mbeifear in ann turas fíorúil a eagrú ar leabharlann nó ar bhialann áitiúil seachas scoláirí a thabhairt ar cuairt lasmuigh den scoil. Is féidir fianaise ar fhoghlaim na scoláirí in eochairchleachtaí a stóráil i gcóip chrua nó go leictreonach trí chóras bainistíochta foghlama na scoile a úsáid.

## 2.4 Tascanna an Scoláire

Níl **aon athrú** ar an sceideal chun Tascanna an Scoláire do Bhliain 1 den ATF a chur i gcrích.

| Tascanna Sheisiún 1 | Tascanna Sheisiún 2 |
|---|---|
| Oideachas Ginearálta | Gairmullmhúchán<br>Gairmoideachas<br>Tasc um Athmhachnamh Pearsanta (Cuid a hAon) |

Beidh an Tasc ar Athmhachnamh Pearsanta (Cuid a hAon) do Bhliain 1 den ATF á chur i gcrích le linn sheisiún 2. Agus gníomhaíochtaí foghlama á bpleanáil, ní mór do mhúinteoirí smaoineamh ar conas atá scileanna machnaimh na scoláirí á bhforbairt agus beidh orthu a chinntiú go gcuirfear dóthain deiseanna ar fáil do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama i rith na bliana.

Beidh socruithe chun na tascanna a scrúdú, lena n-áirítear agallaimh, bunaithe ar an gcomhairle sláinte poiblí is nuashonraithe.

## 2.5 Scrúdú deiridh i dteangacha

I gcásanna ina bhfuil scoláirí leis na scrúduithe deiridh i dteanga a chur i gcrích ag deireadh sheisiún 2 i mí na Bealtaine 2022, ba cheart go leanfadh an phleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú mar is iondúil.

# 3. Pleanáil le haghaidh teagmhais

### 3.1 Pleanáil le haghaidh taithí oibre don bhliain acadúil 2021/22

Cuimsítear sa tseachtain scoile 28 uair an chloig teagaisc, ar a laghad, lena n-áirítear taithí oibre. Le linn an chláir dhá bhliain, caithfidh scoláirí AFT dhá mhodúl éigeantacha ar a laghad de thaithí oibre a dhéanamh. Táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí an taithí oibre i dtimpeallacht oibre. Má bhíonn moill ar rochtain ar thaithí oibre, nó má bhíonn deacrachtaí ag scoláire taithí oibre a aimsiú mar gheall ar COVID-19, b'fhéidir go mbeidh gá ar an tslí ina ndéantar an príomhthasc a chur i gcrích a oiriúnú do na modúil éigeantacha.

Le linn an chláir dhá bhliain, ní mór do scoláirí ATF dhá mhodúl éigeantacha ar a laghad a chur i gcrích i dtaithí oibre. Glacann scoileanna dhá phríomhchur chuige maidir le taithí oibre a sceidealú:

- **Blocscaoileadh**: I gcásanna inar féidir le scoláirí a dtaithí oibre a chur i gcrích go sábháilte de réir comhairle sláinte poiblí agus de réir ceanglais maidir le scaradh sóisialta ba cheart dóibh déanamh amhlaidh. Nuair nach féidir le gach scoláire nó le scoláirí áirithe é sin a dhéanamh le linn blocscaoilte, ba chóir dóibh freastal ar ranganna ar an gclár ama mar is gnách le linn na seachtainí ainmnithe. I gcásanna mar seo nuair nach mbíonn ach líon beag scoláirí in ann freastal ar ranganna mar is gnách, ba chóir díriú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí oibre a chur san áireamh sna ceachtanna seo.
- **Lá amháin sa tseachtain**: I gcásanna inar féidir le scoláirí a dtaithí oibre a chur i gcrích go sábháilte de réir comhairle sláinte poiblí agus de réir ceanglais maidir le scaradh sóisialta ba cheart dóibh déanamh amhlaidh. **Má bhíonn moill ar scoláirí áirithe teacht ar thaithí oibre go luath sa bhliain, ba chóir rochtain a sholáthar dóibh ar dheiseanna teagaisc agus foghlama le linn an lae atá leagtha amach don taithí oibre.**

Ba chóir do Bhliain 1 den ATF na haonaid réamheolais a chur i gcrích mar ullmhúchán le dul isteach san ionad oibre. De ghnáth cuimsítear sna haonaid sin machnamh na scoláirí ar a gcuid scileanna,cáilíochtaí agus gníomhaíochtaí agus ábhair, amhail iniúchadh ar scileanna, socrú spriocanna, imscrúdú gairme, cuardach poist, CV/iarratais a thiomsú, taighde ar chearta fostóra/fostaí, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, pá agus coinníollacha, agus scileanna agallaimh. Féadfar cuid de na píosaí taighde sin a chomhlánú le tacaíocht ar laethanta ainmnithe taithí oibre le linn sheisiún 1, mura féidir leis an scoláire teacht ar shocrúchán oibre.

Sa lá atá inniu ann, seans go mbeidh sé riachtanach oiriúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear eochairchleachtadh i gcrích. Is féidir freastal air sin trí mhúinteoirí aonair ag pleanáil d'eochairchleachtaí ar bhealach a chuireann an timpeallacht foghlama agus srianta COVID-19 san áireamh. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach do scoil an léirmhíniú ar shocrúchán oibre in eochairchleachtadh a oiriúnú chun taithí ar shaol na hoibre agus na hoiliúna a áireamh.

I gcásanna ina gcuirtear moill ar rochtain ar shocrúchán oibre mar gheall ar shrianta féideartha COVID-19, ba cheart rochtain a sholáthar do scoláirí ar dheiseanna teagaisc agus foghlama le linn tréimhsí taithí oibre atá sceidealaithe. D'fhéadfaí an t-am sin a úsáid chun:

- Clár pleanáilte um athshlánú foghlama chun tógáil ar na leibhéil éagsúla rannpháirtíochta scoláirí a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe le linn tréimhse na cianfhoghlama nuair a dúnadh na scoileanna
- Gníomhaíochtaí pleanáilte chun tacú le socrúcháin oibre; mar shampla, d'fhéadfaí am breise a leithdháileadh ar mhodúil ullmhúchán oibre, imscrúduithe gairme agus dialanna a chur i gcrích.

Beidh deacrachtaí ag roinnt scoláirí teacht ar shocrúcháin taithí oibre. B'fhéidir go mbeidh ar scoileanna pleanáil le haghaidh leanúntas tacaíochta do na scoláirí sin agus iad ag teacht ar shocrúcháin oibre.

I gcás scoláirí i mBliain 1 agus i mBliain 2 den ATF atá ag déanamh modúil bhreise Gairmullmhúchán agus Gairmoideachas sa Taithí Oibre, féadfar cuir chuige mhalartacha maidir le taithí oibre a chur san áireamh.

- **Comhpháirtíochtaí oideachais:** D'fhéadfadh scoileanna nasc a dhéanamh le gnólachtaí áitiúla, Oifigí Fiontair Áitiúla nó saoráidí breisoideachais chun roghanna maidir le cianfhoghlaim a iniúchadh dá gcuid scoláirí. D'fhéadfadh deiseanna chun turais chianda a sholáthar ar thionscail áitiúla, scáthfhoghlaim le poist fhíorúla agus seisiúin ceisteanna agus freagraí leo siúd i róil lárnacha léargas tairbheach a thabhairt ar shaol na hoibre
- **Meantóireacht:** Chomh maith leis na comhpháirtíochtaí áitiúla, d'fhéadfadh go mbeadh scoláirí in ann rochtain a fháil ar mheantóirí i dtionscail a bhfuil spéis acu iontu. D'fhéadfaí rochtain fhíorúil a fháil ar na seisiúin mheantóra sin
- **Oiliúint ar líne**: D'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí in ann rochtain a fháil ar chúrsaí oiliúna ar líne i réimsí a d'aithin siad a bheith ábhartha dá sainréimse spéise. Tá cúrsaí ar líne saor in aisce ar fáil i réimsí a bhaineann le saol na hoibre a d'fhéadfadh deiseanna breise oiliúna, measúnaithe agus teastais a sholáthar do scoláirí.

## 3.2 An fhoghlaim a chur chun cinn

Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 atá ann go fóill, d'fhéadfaí cur isteach a bheith ann maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú mar gheall ar dhúnadh scoileanna go háitiúil. Ina leithéid de chásanna, ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil córas iomchuí i

bhfeidhm chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach na scoláirí sna gníomhaíochtaí foghlama pleanáilte.

Tá comhairle agus tacaíocht maidir le pleanáil le haghaidh teagmhais do chianfhoghlaim ar fáil sa *Treoir maidir le Teagasc agus Foghlaim Éigeandála ó Chian i gComhthéacs COVID-19 d'Iarbhunscoileanna* ar fail anseo agus chun í a chur chun cinn.

## 3.3 Tacaíochtaí breise

Beidh réimse ábhar tacaíochta ATF ar fáil ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM/*PDST*) do comhordaitheoirí agus do mhúinteoirí nua. Cuimseoidh an tacaíocht leaganacha ar líne sna réimsí seo a leanas:

- Seimineáir do chomhordaitheoirí agus do mhúinteoirí nua
- Seimineáir ar thascanna ATF
- Seimineáir ar shainábhair ATF
- Tacaíocht scoile don ATF

Rachaidh an SFGM/PDST i dteagmháil le scoileanna maidir leis an soláthar seo.